AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

(LENA N-ÁIRÍTEAR RÁITIS AIRGEADAIS NA hINSTITIÚIDE TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007)

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

CEARNÓG WHITAKER CÉ SIR JOHN ROGERSON
BAILE ÁTHA CLIATH 2 ÉIRE

TEILEAFÓN: (353-1) 8632000 FACS: (353-1) 8632100
www.esri.ie

**ISSN - 1649 - 7023**

# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

D'eascair An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta as an Institiúid Taighde Eacnamaíochta a bunaíodh sa bhliain 1960 le cabhair deontais ó Fhondúireacht Ford i Nua Eabhrac. Sa bhliain 1966 ghlac an Institiúid freagracht as taighde sóisialta agus cuireadh le teideal na hInstitiúide – An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Is é misean na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta taighde d'ardchaighdeán a dhéanamh a chabhródh chun tuiscint a thabhairt ar athrú eacnamaíoch agus sóisialta agus a bheadh mar bhonn ag ceapadh beartais phoiblí agus ag an tsochaí shibhialta in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh. Gné ríthábhachtach ab ea an taighde a rinne an Institiúid don díospóireacht náisiúnta a rinneadh ar shaincheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta le beagnach 50 bliain anuas. Is í an phríomhsprioc taighde atá ag an Institiúid clár oibre inbhuanaithe taighde a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a bheadh go mór de réir na ndúshlán fadtéarmach eacnamaíoch agus sóisialta a bheidh ar Éirinn dul i ngleic leo ó thaobh na n-athruithe a bheidh ag tarlú go hidirnáisiúnta sna deich mbliana seo romhainn.

Eagraíocht sheachbhrabúsach ag a bhfuil stádas carthanais is ea an Institiúid agus tá sí cláraithe mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta. Comhairle ar a bhfuil suas le 12 comhalta, ina measc an tUachtarán agus an Stiúrthóir, a rialaíonn An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Ceaptar Comhaltaí na Comhairle as measc chomhaltaí ginearálta na hInstitiúide agus déantar ionadaíocht i gcoitinne ar na comhpháirtithe sóisialta, na Ranna Rialtais, na Gníomhaireachtaí Stáit, na hollscoileanna agus institiúidí taighde eile. Faigheann an Institiúid deontas bliantúil i gcabhair ó Rialtas na hÉireann agus clúdaíonn an deontas sin beagnach 27 faoin gcéad den chaiteachas iomlán (an céatadán ar an meán a fuarthas le 3 bliana). Tagann fuílleach ioncaim na hInstitiúide as cláir mhaoinithe taighde, tionscadail taighde a ndearnadh iad a choimisiúnú, deontais taighde as an AE agus as Éirinn, as urraíocht a dhéanann gnóthaí Éireannacha ar ghníomhaíochtaí na hInstitiúide agus as síntiúis chomhaltais.

Is í foireann taighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta an acmhainn is tábhachtaí atá aici. Cuireann an saineolas leathan atá acu ar a gcumas caighdeáin bharr foirfeachta idirnáisiúnta a bhaint amach. Tugadh torthaí thaighde na hInstitiúide san áireamh sna céadta tuarascáil a d'fhoilsigh An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, lena n-áirítear *An Tuairisc Ráithiúil Eacnamaíoch* agus an t*Athbhreithniú Meántéarmach ar Gheilleagar na hÉireann*. Tugadh na torthaí san áireamh chomh maith san iliomad leabhar agus alt in irisí acadúla a foilsíodh in Éirinn agus ar an gcoigríoch.

Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar www.esri.ie

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

Is í an Chomhairle comhlacht foriomlán rialaithe na hInstitiúide agus feidhmíonn sí mar Bhord Stiúrthóirí na hInstitiúide. Ceapann an Chomhairle i gcomhar leis an Stiúrthóir agus le foireann na hInstitiúide clár taighde na hInstitiúide. Tionóltar an Chomhairle ceithre huaire sa bhliain.

# AN CHOMHAIRLE

**COMHALTAÍ MAR ATÁ 31 NOLLAIG 2007**

An tOLLAMH B.M. WALSH, Uachtarán

M. FINAN, UASAL, Cathaoirleach

AN tOLLAMH F. RUANE, Stiúrthóir

An tUASAL D. BEGG, Rúnaí Ginearálta, Comhdháil na gCeardchumann

An tUASAL D. DOYLE, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais

AN tOLLAMH R. ERIKSON, Institiúid Taighde Sóisialta na Sualainne, Ollscoil Stócólm

AN tOLLAMH P. HONOHAN, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

AN tUASAL J. HURLEY, Gobharnóir, Banc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

AN tUASAL M. KELLY, Cathaoirleach, An tÚdarás um Ardoideachas

AN tUASAL P.A. WHITE, Cathaoirleach, Comhpháirtíocht an Chinn Thuaidh Teoranta

AN tOLLAMH P. O'CONNOR, Ollscoil Luimnigh

AN tUASAL L. CROWLEY, Cathaoirleach Gaisce – Dámhachtain an Uachtaráin

*An tOll. B.M. Walsh*
*Uachtarán*

*M. Finan Uasal*
*Cathaoirleach*

*An tOll. F. Ruane*
*Stiúrthóir*

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

ESRI

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS ATHBHREITHNIÚ AR THAIGHDE

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

# CLÁR


| | *Leathanach* |
|---|---|
| Tuarascáil Bhliantúil 2007 – Tuarascáil na Comhairle | 1 |
| Liosta den Fhoireann mar a bhí ar an 31 Nollaig 2007 | 12 |
| Cuntais agus Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 | 17 |

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007 – TUARASCÁIL NA COMHAIRLE

## 1. Forléargas Ginearálta

Bliain ghnóthach ab ea 2007 don Institiúid. Chuaigh an fhoireann i dtaithí go maith ar an athlonnú go dtí na Dugthailte Theas agus osclaíodh an foirgneamh nua go foirmiúil ar an 13 Meán Fómhair 2007. Bhí An Tánaiste agus an tAire Airgeadais, An tUasal Brian Cowen TD i láthair ag an oscailt ar ar fhreastail slua mór de pháirtithe leasmhara na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an Dochtúir T.K. Whitaker, duine de na comhaltaí a bhunaigh an Institiúid sa bhliain 1960.

D'fhoilsigh taighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 87 alt in irisí agus caibidlí i leabhair, 45 páipéar oibre, 27 leabhar agus monagraf (arna bhfoilsiú ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus ag gníomhaireachtaí eile) agus 4 thuairisc eacnamaíocha sa bhliain 2007. Áirítear *Best of Times? The Social Impact of the Celtic Tiger* ar na leabhair a foilsíodh. Is staidéar atá ann a rinne údair iomadúla ar an athrú a tháinig ar chúrsaí sóisialta le deich mbliana anuas agus atá scríofa ag socheolaithe na hInstitiúide i gcomhar le socheolaithe as Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad agus leis an gColáiste Ollscoile UCD, Baile Átha Cliath. Sheol an Taoiseach, Bertie Ahern an leabhar ar an 28 Meitheamh. Ba é an tOllamh Michael Marmot a thug Léacht Bhliantúil Uí Ghaora uaidh ar an 3 Nollaig – ba *Health in an Unequal World: A Matter of Social Justice* teideal na léachta. Tháinig breis taighdeoirí isteach san Institiúid le linn 2007 le dul ag obair i réimse na maicreacnamaíochta, an fhuinnimh, an chomhshaoil agus na sláinte. Ghlac an tOllamh Brian Nolan agus an tOllamh Tony Fahey le poist sa Choláiste Ollscoile UCD, Baile Átha Cliath ach bíonn siad fós ag obair ar chomhthionscadail i gcomhar le taighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Cuireadh tús sa bhliain 2007 leis an obair ullmhúcháin ar ***Phlean Straitéiseach na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta 2008-2013: Taighde ar Éirinn atá ag Athrú***. Aithnítear sa Phlean an taighde a ndíreoidh an Institiúid air sna sé bliana seo romhainn. Bhain trí chéim leis an gcleachtas seo a rinneadh go huile agus go hiomlán intí. Thosaigh an cleachtas leis na gnéithe is mó is dóigh a mbeidh tionchar acu ar Éirinn a aithint agus a n-eascróidh ceisteanna tábhachtacha beartais astu sna deich mbliana seo romhainn. Airíodh fís agus misean na hInstitiúide a thabhairt cothrom le dáta sa dara céim chomh maith leis na réimsí taighde a bhaineann leis na gnéithe a aithníodh sa chéad chéim agus a bhfuil taighde ar leith le

déanamh orthu, a aithint. Leagadh síos sa tríú céim den phróiseas na gníomhartha straitéiseacha ba ghá chun an Plean a fhorfheidhmiú. Bhí an próiseas le tabhairt chun críche nuair a d'fhoilseofaí an plean in Earrach na bliana 2008 agus nuair a d'fhoilseofaí an plean ar an suíomh gréasáin www.esri.ie.

D'fhorbair An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta straitéis sonraí chomh maith mar chuid den obair ullmhúcháin a bhain leis an bplean. Samhlaítear leis an straitéis seo go ndíreofar gníomhaíochtaí a suirbhéanna ar réimsí a bhaineann leis an taighde a dhéanann an institiúid féin agus go háirithe ar an *Staidéar Fadama Náisiúnta ar Leanaí in Éirinn*. Bhain athstruchtúrú straitéiseach san Institiúid leis seo agus déantar foráil do chostas an athstruchtúraithe sin sna Cuntais Bhliantúla don bhliain 2007. Is dealraitheach go mbeidh comhoibriú níos dlúithe ann leis an bPríomh-Oifig Staidrimh sa todhchaí mar gheall ar an athrú a rinneadh ar an straitéis sonraí.

## 2. Léargas de Ghníomhaíochtaí Taighde

Cuirtear cláir thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i ngrúpaí faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas anois: (i) taighde a dhírítear ar eolas a chur ar fáil do bheartais a bhaineann le Fás Eacnamaíoch; (ii) taighde a bhfuil mar aidhm leis eolas a chur ar fáil do bheartais a bhaineann le Forás Sóisialta; (iii) taighde a bhaineann leis an gceangal idir Fás Eacnamaíoch agus Forás Sóisialta; agus (iv) taighde a bhaineann leis an gceangal idir Forás Eacnamaíoch agus Inbhuanaitheacht an Chomhshaoil. Tugann na hailt seo a leanas breac-chuntas ar na gníomhaíochtaí taighde agus ar thorthaí sna réimsí seo le linn 2007.

### (I) FÁS EACNAMAÍOCH

*Tá trí chlár thaighde sa réimse seo: Maicreacnamaíocht (arna chomhordú ag an Ollamh John Fitz Gerald); Eacnamaíocht Idirnáisiúnta (arna chomhordú ag an Dochtúir Iulia Siedschlag); agus Teicneolaíocht, Táirgiúlacht agus Nuálaíocht (arna chomhordú ag an Dochtúir Iulia Siedschlag),*

#### *Maicreacnamaíocht*

Is í an **Roinn Airgeadais** is mó a mhaoiníonn an taighde sa réimse seo lena mbaineann múnla maicreacnamaíochta na hInstitiúide a fhorbairt. D'fhoilsigh An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta dhá thuarascáil sa bhliain 2007 mar chuid den *Líonra Eorpach um Réamhaisnéis Eacnamaíoch*. Rinneadh anailís sa chéad tuarascáil ar an éifeacht a bhí ag bealaí éagsúla ceartaithe ar gheilleagar na Stát Aontaithe. Tugadh le tuiscint i dtorthaí na hoibre seo gur lú damáiste a dhéanfadh próiseas inmheánach coigeartaithe – mar shampla dá dtiocfadh laghdú ar an margadh tithíochta – do gheilleagar an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann ná a dhéanfadh próiseas coigeartaithe ar ghá é a ghlacadh de bharr titim mhór sa dollar. Tugadh aghaidh i dtuarascáil Fómhair an Líonra Eorpaigh um Réamhaisnéis Eacnamaíoch ar na hiarmhairtí ó thaobh cobhsaíocht airgeadais de a d'fhéadfadh a bheith i ndán do gheilleagar an AE. Bítear ábalta eolas as na tuarascálacha seo a úsáid sa taighde leanúnach a dhéanann An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta don *Tuairisc Ráithiúil Eacnamaíoch* agus san obair ullmhúcháin don chéad *Athbhreithniú Meántéarmach* eile a bheidh le foilsiú sa bhliain 2008.

Foilsíodh páipéir i mbliana chomh maith a chíor ról an mhargaidh saothair ó thaobh athrú sa gheilleagar a bhrú chun cinn, mar shampla, trí imirce agus trí infheistíocht i gcaipiteal daonna. Measadh forás an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, an éifeacht atá aige ar Éirinn, agus na himpleachtaí a

bheidh ag an taighde seo ar Éirinn agus ar an gcuid eile den AE araon i sraith eile de pháipéir.

## *Eacnamaíocht Idirnáisiúnta*

Bhí trí réimse théamacha éagsúla sa chlár taighde seo sa bhliain 2007:

(a) *An tAontas Eorpach Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta*: Rinneadh anailís i bpáipéir thaighde a foilsíodh ar na héifeachtaí maicreacnamaíochta a bhíonn ag airgeadra amháin ar gheilleagar na hÉireann, ar mhéadú limistéar an euro, ar chóineasú maicreacnamaíochta i mballstáit nua an AE, agus ar ról an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta chun míniú a thabhairt ar easnaimh an chuntais reatha in Éirinn.

(b) *Forás Eacnamaíoch i nGeilleagair Oscailte:* Cuid d'fheadhnacht idirnáisiúnta taighde is ea an taighde sa réimse seo agus is í An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta is mó atá freagrach as an taighde i gcomhar le naoi bpríomhollscoil agus institiúidí taighde san Eoraip. Is as an **6ú Creat-Chlár um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta de chuid an AE** a thagann an maoiniú. Ba léir ó thaighde a rinneadh ar ardgheilleagair oscailte go raibh an forás aschurtha i dtionscail Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide i bhfad níos sciobtha i dtíortha ina bhfuil stoc níos airde caipitil daonna agus ina bhfuil feabhas níos airde ó thaobh caipiteal daonna de. Ba léir ón taighde a rinneadh ar Éirinn gur mó rath a bhí faoi ghnólachtaí ó thaobh Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide a ghlacadh agus a úsáid nuair a bhí oibrithe fostaithe acu a raibh scileanna níos fearr acu, nuair a bhí siad ag feidhmiú i dtionscail táirgthe agus úsáidte Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide agus nuair a bhí na gnólachtaí lonnaithe i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Fuarthas amach i dtaighde eile gur chuir inimirce agus trádáil le gnólachtaí agus go mbraitheann an tionchar a bhíonn acu ar mhéid an phobail inimircigh agus ar an réigiún arbh as iad ó dhúchas.

(c) *Comhtháthú Sreafaí Caipitil agus Margaí Airgeadais:* Is í **Institiúid Bhanc Forbartha na hÁise** a mhaoiníonn an taighde seo agus is é cuspóir an taighde creatbheartas a fhorbairt chun sreabhadh caipitil i dtíortha na hÁise a bhainistiú. Cíoradh sa taighde a rinneadh sa bhliain 2007 an tionchar a bheadh ag insreabhadh mór caipitil ar léirscaoileadh ar chuntais chaipitil agus ar fhreagairtí beartais i mballstáit nua AE.

## *Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus Táirgiúlacht*

Díríodh ar thrí théama sa chlár taighde seo sa bhliain 2007:

(a) *Tionchar Eacnamaíoch Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide:* Chuathas i mbun an taighde sa réimse seo mar chuid de thionscadal idirnáisiúnta taighde arna mhaoiniú ag **Institiúid an Choimisiúin Eorpaigh um Staidéir Ionchasacha Teicneolaíochta**. Tá saineolaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta as aon cheann déag de thíortha Eorpacha ar an bhfoireann taighde. Leagadh béim i dtaighde a rinneadh sa bhliain 2007 ar phríomhghnéithe Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide mar theicneolaíocht ilfhóinteach, cíoradh na tionchair eacnamaíocha a bhaineann le leathadh Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide ó thaobh maicrepheirspictíochta agus micripheirspictíochta, agus scrúdaíodh na hiarmhairtí spásúla maidir le leathadh Theicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide. Úsáideadh coincheapa na gcóras réigiúnach nuálaíochta agus an domhandaithe chun creat eagrúcháin don anailís a chur chun cinn.

(b) *Onnmhairiú agus Táirgiúlacht:* Cuid de thionscadal idirnáisiúnta taighde is ea an taighde atá á dhéanamh sa réimse seo agus maoinítear an tionscadal as

deontas a fhaightear ón g**Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta**. Taispeánann an taighde go mbíonn préimheanna onnmhaireoirí éagsúil ó thír go tír agus go mbíonn na préimheanna níos mó i dtíortha ina bhfuil leibhéal níos airde oscailteachta agus institiúidí níos éifeachtaí. Ceanglaítear an taighde seo a mhaoinigh **Fiontraíocht Éireann** le staidéar, ar bhonn monarchan, a rinneadh ar dhomhandú agus inar áiríodh onnmhairí agus díolacháin chuig eagraíochtaí áitiúla ilnáisiúnta.

(c) *Measúnú ar Fheabhas Taighde:* Tá sé tábhachtach de bharr na béime atá á leagan i láthair na huaire ar gheilleagar eolasbhunaithe go mbeifí ábalta ceannródaithe taighde a aithint. Measadh cáilíocht an taighde eacnamaíoch in Éirinn agus ar an gcoigríoch i bpáipéir faoi leith inar baineadh úsáid as bearta reatha agus bearta nua foirfeachta i dtaighde agus i maoirseacht taighde.

## (II) FORÁS SÓISIALTA

*Tá trí chlár thaighde i réimse an Fhoráis Shóisialta: Sláinte (arna chomhordú ag an Ollamh Richard Layte agus ag an Ollamh Miriam Wiley); Comhionannas (arna chomhordú ag an Dochtúir Helen Russell agus ag an Dochtúir Fran McGinnity); agus Cuimsiú Sóisialta (arna chomhordú ag an Ollamh Christopher Whelan).*

### *Sláinte*

Cuireadh bailchríoch ar dhá thionscadal mhóra ar an stádas sláinte agus ar úsáid an chúraim sláinte sa bhliain 2007. Ba é an clár taighde ar 'Soláthar agus Úsáid na Seirbhísí Sláinte, Éagothroimí Sláinte agus an Tairbhe Sláinte agus Shóisialta' a cuireadh i gcrích ar dtús. Cuireadh críoch leis an gclár, arna mhaoiniú ag an m**Bord Taighde Sláinte**, le comhdháil lae i gcomhair taighdeoirí agus lucht déanta beartas agus le foilsiú leabhair ar imeachtaí na comhdhála. Ba é an staidéar ar bhochtaineacht, sláinte agus úsáid an chúraim phríomhúil arna mhaoiniú ag an n**Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaineachta** an dara clár a cuireadh i gcrích agus foilsíodh torthaí an chláir in Droch-Oidis: Bochtaineacht agus Rochtain ar Fhoinsí Sláinte Phobail (*Poor Prescriptions: Poverty and Access to Community Health Services).* Chuathas chun cinn le taighde ar shláinte agus ar shlí mhaireachtála sa bhliain 2007 chomh maith nuair a cuireadh tús leis an obair ar an Suirbhé Náisiúnta ar Shláinte agus Slí Mhaireachtála (SLÁN).

Chuathas i mbun oibre chomh maith, i gcomhar le **Coláiste na Tríonóide** ar staidéar arna mhaoiniú ag an m**Bord Taighde Sláinte** ar *Thionchar an Athraithe Dhéimeagrafaigh ar an Éileamh ar agus Soláthar na Seirbhísí Sláinte in Éirinn 2006-2021.* Déanfar anailís mar chuid den staidéar seo ar an mbealach a bhféadfadh tionchar a bheith ag treochtaí a bheadh bunaithe ar an daonra ar an éileamh a bheadh ar sheirbhísí sláinte in Éirinn go dtí an bhliain 2020.

### *Comhionannas*

Déantar scrúdú sa taighde a dhéanann An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar Chomhionannas ar éagothroimí ó thaobh deiseanna agus torthaí de agus déantar na próisis is cúis le héagothroime a chíoradh. Tá an taighde dírithe go mór ar bheartais agus déanfar an ról a bhíonn ag beartais phoiblí maidir le tacú le héagothroimí agus maidir le héagothroimí a laghdú a mheas.

Cé go leagtar béim ar chomhionannas in go leor den taighde sóisialta a dhéantar san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, dírítear príomhthionscadal reatha an chláir seo, arna mhaoiniú ag an **Údarás Comhionannais**, ar chomhionannas agus ar idirdhealú. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo scrúdú a dhéanamh ar chás sóisialta na ngrúpaí a chlúdaítear faoi

fhorais na Reachtaíochta Comhionannais (gnéas, stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine agus toisc gur daoine den Lucht Siúil iad), agus a mhéid idirdhealaithe a dhéantar ar na grúpaí sin a fháil amach. Tá sraith tionscadal san áireamh sa chlár taighde: meastar raon foras i gcuid agus dírítear cuid eile ar fhoras amháin cosúil le hinscne agus le heitneachas. Bhí cúig thionscadal ar siúl sa bhliain 2007 agus táthar ag súil go bhfoilseofar trí cinn díobh sa chéad leath den bhliain 2008: An Taithí atá ar Idirdhealú in Éirinn; Éagothroimí Inscne in Úsáid Ama agus Inimircigh ag an Obair: Eitneachas agus Náisiúntacht i Margadh Saothair na hÉireann. (*The Experience of Discrimination in Ireland*; *Gender Inequalities in Time Use* agus *Immigrants at Work: Ethnicity and Nationality in the Irish Labour Market.)* Áirítear An Dearcadh ar Chomhionannas agus ar Chothromaíocht i Sochaí na hÉireann (*Perceptions of Equality and Fairness in Irish Society)* agus Bearnaí Pá idir na hInscní (*The Gender Pay Gap)* ar thionscadail eile. Foilseoidh An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an tÚdarás Comhionannais i gcomhar lena chéile na tuarascálacha seo sa bhliain 2008.

### *Cuimsiú Sóisialta*

Bhí roinnt mhaith de bhaill foirne na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta rannpháirteach ar feadh na bliana 2007 agus sa bhliain 2008 i sraith de *Phortráidí Sóisialta* ar raon de ghrúpaí saolré mar chuid de chlár taighde na h**Oifige um Chuimsiú Sóisialta**. Ceapadh na portráidí chun go mbeadh an pobal agus lucht déanta beartas chomh maith ábalta úsáid a bhaint astu.

Cuireadh tús le tionscadal faoi Chlár na hOifige um Chuimsiú Sóisialta sa bhliain 2007 a bhain le *Peirspictíocht Saolré ar Chuimsiú Sóisialta* lenar bhain anailís ar Staitisticí an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus ar Choinníollacha Maireachtála (EU-SILC). Dírítear an taighde reatha ar chomhthéacs na forbartha sa gheilleagar eolais, ar an athrú atá ag teacht ar an stát leasa shóisialaigh agus ar fhiontair shóisialta nua atá ag teacht chun cinn. Cuirtear cur chuige saolré i bhfeidhm agus déantar anailís chuimsitheach ar shaincheisteanna ábhartha trí úsáid a bhaint as EU-SILC. Foilseofar torthaí an tionscadail i Sraith Taighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa bhliain 2008.

Bhí taighde, a bhaineann le cuimsiú sóisialta ar bhonn náisiúnta agus Eorpach agus a d'eascair as clár na hOifige um Chuimsiú Sóisialta agus as rannpháirtíocht na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i Líonra Foirfeachta an AE ar Athrú Eacnamaíoch, Caighdeán Saoil agus Comhtháthú Sóisialta (**EU EQUALSOC),** á fhoilsiú ar feadh na bliana 2007 i raon d'irisí ceannródaíocha idirnáisiúnta nó bhíothas ag glacadh leis lena fhoilsiú i raon d'irisí ceannródaíocha idirnáisiúnta.

## (III) FÁS EACNAMAÍOCH AGUS FORÁS SÓISIALTA

*Ó tharla an cur chuige comhtháite i leith beartas eacnamaíoch agus sóisialta in Éirinn agus ó tharla gur mó agus gur mó atáthar ar an eolas faoin gceangal atá idir an dá ghné seo san AE ní ionadh ar bith é go mbaineann sciar mór de thaighde na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta leis an dá réimse seo. Tagann chúig chlár thaighde faoin gcatagóir taighde seo: Oideachas (arna chomhordú ag an Dochtúir Emer Smyth); An Margadh Saothair (arna chomhordú ag an Ollamh Philip O'Connell); Imirce (arna chomhordú ag an Dochtúir Alan Barrett); Comhtháthú Sóisialta agus Caighdeán Saoil (arna chomhordú ag an Ollamh Christopher Whelan agus ag an Dochtúir Helen Russell); agus Cánachas, Leas Sóisialach agus Pinsin (arna chomhordú ag an Ollamh Tim Callan).*

## *Oideachas*

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2007 le staidéar fadama na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar dhaltaí meánscoile arna mhaoiniú ag an g**Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** agus ag **An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**. Scrúdaítear sa staidéar seo, an chéad cheann dá shaghas in Éirinn, taithí daltaí de réir mar a bhogann siad tríd an gcóras scolaíochta. Foilsíodh leabhar a bhain le daltaí na tríú bliana *Gearing Up for the Exam: The Experience of Junior Certificate Students (*Ag fáil faoi réir don Scrúdú: Taithí Dhaltaí an Teastais Shóisearaigh*)* i nDeireadh Fómhair agus rinneadh taighde ar an athrú ón sraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach. Cuireadh tús chomh maith le dhá thionscadal bhreise, ceann a bhain le dearcadh na dtuismitheoirí ar an gcóras scolaíochta agus ceann a bhain le luathfhágáil scoile i measc chohórt na ndaltaí.

Ón mbliain 1980 i leith bhí An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta rannpháirteach i suirbhé a dhéanamh go rialta ar fhágálaithe scoile agus bíonn eolas fíorluachmhar sa taighde faoi dhaoine óga agus a n-aghaidh ar bhreisoideachas agus ar an margadh saothair. Foilsíodh torthaí shuirbhé na bliana 2006 arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i Samhain na bliana 2007 agus cuireadh tús le suirbhé nua le linn na bliana.

Chomh maith leis sin mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta staidéar mórscála ar dhaltaí as tír isteach (inimirceach) i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna, staidéar a ceapadh chun cur le forbairt beartais ó thaobh soláthar a dhéanamh don éagsúlacht istigh sna scoileanna. Tá oiriúnacht leagan amach reatha na scoileanna ó thaobh teagaisc agus foghlama de á cíoradh sna bunscoileanna.

Tá staidéar mórscála á dhéanamh arna mhaoiniú ag an **Údarás um Ard-Oideachas** ar na nithe is cúis le rannpháirtíocht íseal in ard-oideachas i measc oibrithe neamhláimhe. Mhaoinigh an tÚdarás um Ard-Oideachas staidéar chomh maith ar na costais a ghabhann le hard-oideachas a chur ar ghrúpaí nach mbíodh ard-oideachas á chur orthu roimhe seo.

## *Margadh Saothair*

Tá taighdeoirí an mhargaidh saothair san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ag gabháil do mhórchlár píolótach taighde ina gcomhcheanglaítear taighde ceannródaíoch agus forbairtí tábhachtacha beartas. Maidir leis an tionscadal *Próifíliú Píolótach Náisiúnta ar Dhaoine Dífhostaithe* eisíodh ceistneoir a d'fhorbair An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i gcomhar leis **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh** ar na héilitheoirí nua go léir i dtréimhse 3 mhí sa bhliain 2006 chun raon d'athróga a bhailiú as a bhfuarthas amach i dtaighde a rinne An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta roimhe seo go mbíonn tionchar acu ar ionchais fostaíochta. Cuireadh sampla náisiúnta de bheagnach 45,000 éilitheoir dífhostaithe ar fáil as an suirbhé sin agus tá torthaí leasa shóisialaigh agus torthaí margadh saothair a bhaineann leis na héilitheoirí sin á rianú faoi láthair agus beidh ar feadh 18 mí. Cabhróidh an turgnamh náisiúnta seo chun na daoine dífhostaithe sin is mó is dóigh a mbeidh fadhbanna fostaíochta acu agus a bheidh dífhostaithe go fadtéarmach a aithint. Cuirfidh sé bonn tréan chomh maith faoi bheartais a bheidh spriocdhírithe go gníomhach ar an margadh saothair agus dá réir cuirfear feabhas ar éifeachtacht agus ar fheidhmiúlacht na mbeart gníomhachtaithe. Léiríonn réamhanailís go bhféadfar múnlaí stóinseacha a mbeadh cumhacht láidir réamhaithriseach acu a fhorbairt de bharr na sonraí seo.

Deonaíodh rochtain dhíreach ar mhicreashonraí as an *Suirbhé Náisiúnta Fostaíochta* do thaighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus is forbairt nua spéisiúil atá tar éis teacht chun cinn í seo. Ó tharla go bhfuil rochtain ar an tacar sonraí mórscála d'ardchaighdeán seo is féidir leis an **Údarás Comhionannais** anois tosú ag obair ó bhonn ar an mbearna pá idir inscní agus is féidir chomh maith anailísí a dhéanamh ar thionchar institiúidí an mhargaidh saothair ar thuillimh.

### *Imirce*

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar chlár taighde na hInstitiúide ar imirce sa bhliain 2007. Foilsíodh dhá pháipéar ar thuillimh inimirceach agus ba léir ón dá pháipéar gur mhór iad na bearnaí idir thuillimh inimirceach agus tuillimh a gcomhchosúil d'fhostaithe Éireannacha. Cuireadh páipéar oibre i dtoll a chéile chomh maith agus glacadh leis lena fhoilsiú sa bhliain 2008. Taispeántar sa pháipéar oibre nach mbíonn an ghnóthachtáil saothair i measc inimirceach an-fhabhrach go háirithe i measc na n-inimirceach siúd as Ballstáit nua an AE. Foilsíodh trí thuarascáil sa bhliain 2007 mar chuid d'obair an *Líonra Eorpaigh um Imirce*, arna maoiniú ag an g**Coimisiún Eorpach** agus ag an **Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí**; sna tuarascálacha seo cíortar saincheisteanna cosúil leis na coinníollacha faoina dtagann inimircigh a bhfuil ardscileanna acu isteach sa tír, tuarascáil anailíse beartais ar imirce agus ar thearmann 2006 agus nósanna imeachta athfhillte.

D'éirigh le taighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar imirce sa bhliain 2007 maoiniú a fháil ón g**Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta** i gcomhair tionscadal dhá bhliain dar teideal *Tréithe, Taithí agus Tionchair na nInimirceach*. Déanfar an obair seo i gcaitheamh 2008/9.

### *Comhtháthú Sóisialta agus Caighdeán Saoil*

Tháinig raon de pháipéir shuimiúla as an gclár taighde ar spórt agus ar aclaíocht, arna mhaoiniú ag **Comhairle Spóirt na hÉireann** agus is réimse í seo a bhfuil níos mó agus níos taighde á dhéanamh uirthi go hidirnáisiúnta. D'fhoilsigh An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta obair sa bhliain 2007 a thaispeáin an ceangal láidir diúltach atá idir rannpháirtíocht i spórt agus míbhuntáiste sóisialta. Tugtar cuntas ar na treochtaí maidir le rannpháirtíocht sa spórt in Éirinn ag dul siar cúpla glúin i staidéar a d'éirigh as an obair sin agus a bheidh le foilsiú go luath sa bhliain 2008. Foilseofar na chéad torthaí den *Mhonatóireacht ar Spórt na hÉireann* – an chéad suirbhé leanúnach a bhí á dhéanamh in Éirinn ar spórt na cosmhuintire – le linn na bliana seo chugainn chomh maith.

Tá eagarthóireacht á déanamh ag taighdeoirí na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, i Líonra Foirfeachta **EQUALSOC**, ar eagrán speisialta *An Saol Oibre agus An Saol Teaghlaigh a Thabhairt dá Chéile* den iris cheannródaíoch idirnáisiúnta ar chaighdeán saoil *Social Indicators Research* (Taighde Táscairí Sóisialta). Bainfear úsáid as an Suirbhé Sóisialta Eorpach agus beidh páipéir inti le líon áirithe taighdeoirí as príomhinstitiúidí Eorpacha.

D'fhoilsigh Routledge *The Handbook of Quality of Life in the Enlarged European Union* (Lámhleabhar faoi Chaighdeán Saoil san Aontas Eorpach Méadaithe) sa bhliain 2007. Lámhleabhar is ea é seo a tháinig as an gclár comhoibrithe a mhaoinigh **An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú** agus inar phríomh-chomhpháirtí í An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Tá líon áirithe de pháipéir ann a d'eascair go díreach as taighde a rinne An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

## *Cánachas, Leas Sóisialach agus Pinsin*

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha nua sa bhliain 2007 chun feabhas a chur ar a mhéid is a chuireann an anailís a dhéanann an Institiúid ar shaincheisteanna cánach agus leasa shóisialaigh le díospóireacht faoi bheartais agus faoi cheapadh beartas. Tá ionadaithe as **An Roinn Airgeadais** agus as **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh** chomh maith le príomhbhaill foirne na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ar an nGrúpa Stiúrtha. Bhí dúshlán na bpinsean in Éirinn ar cheann de na ceisteanna fíorthábhachtacha a aithníodh. Cuireadh páipéar ina raibh an chothromaíocht idir tacaíocht ón stát chun pinsean gairme a chur ar fáil agus tacaíocht dhíreach phinsean an Stáit i láthair ag an gcomhdháil *Peirspictíochtaí Buiséid* i nDeireadh Fómhair. Táthar i mbun oibre chun cur leis an díospóireacht ar phinsin mar fhreagra ar an bPáipéar Uaine. Úsáideadh *SWITCH* an múnla sochair chánach de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta arís eile chun measúnú tionchair ar bhochtaineacht a dhéanamh sa Bhuiséad Bliantúil, ar dhá bhealach: anailís oifigiúil, arna soláthar i leabhrán an Bhuiséid, agus tráchtaireacht neamhspleách ó fhoireann na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar thionscadal mór arna mhaoiniú ag an **AE** ar Ioncam a Thomhas go Cruinn ar Mhaithe le Measúnú Beartais agus díríodh go sonrach ar shochair - nach sochair airgid iad – nó buntáistí ioncaim a thiocfadh as tithíocht úinéir-áitithe, agus as seirbhísí sláinte agus oideachais arna soláthar saor in aisce, a thomhas.

## (IV) FORÁS EACNAMAÍOCH AGUS INBHUANAITHEACHT AN CHOMHSHAOIL

*Léirítear an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil sna trí chlár thaighde a thugann faoi shaincheisteanna a bhaineann le gnéithe eacnamaíocha agus gnéithe comhshaoil a bheith ag dul i bhfeidhm go láidir ar a chéile. Áirítear ar na cláir sin Fuinneamh (arna chomhordú ag an Ollamh John Fitz Gerald agus ag an Ollamh Richard Tol); Comhshaol agus Acmhainní Nádúrtha (arna chomhordú ag an Ollamh Richard Tol); agus Iompar agus Infreastruchtúr (arna chomhordú ag an Dochtúir Edgar Morgenroth).*[1]

## *Fuinneamh*

Tá trí phríomhshraith thaighde sa réimse seo:

(a) Díríodh Taighde, arna mhaoiniú ag feadhnacht de **pháirtithe leasmhara tionscail** agus ag **An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha** ar an soláthar leictreachais in Éirinn. Tugtar le tuiscint as na meastacháin nua go bhféadfadh gur thug an rialtóir meas faoina luach ar fhiúntas an leictreachais do theaghlaigh agus dá réir sin gur shocraigh sé na riachtanais toillte ró-íseal. Mar sin féin beidh an toilleadh sách rite go ceann roinnt blianta fiú agus na caighdeáin mar atá faoi láthair. Is í an neamhchinnteacht rialála de bharr gur cruthaíodh Margadh Aonair Leictreachais agus de bharr go n-athraítear beartas rialtais go rímhinic is mó is cúis leis an easpa infheistíochta a dhéantar i mbuaic-chumhacht ach cuireann seasamh láidir an BSL agus treá ard an fhuinnimh ghaoithe leis.

[1] Is *Comórtas agus Rialú* an taighde atá á dhéanamh ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa réimse seo agus táthar á chur chun cinn i gcaitheamh thréimhse an Phlean Straitéisigh. Tá an clár taighde seo á chomhordú ag an Dochtúir Seán Lyons.

(b) Nochtadh i dtaighde a rinneadh ar úsáid fuinnimh teaghlaigh, arna mhaoiniú ag an **nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** go mbaintear úsáid as beartais sábhála fuinnimh de ghnáth chun úsáid mhéadaithe fuinnimh a chúiteamh seachas chun an úsáid fuinnimh a laghdú.

(c) Ba é an t-athrú aeráide an príomhfhócas eile den taighde a rinneadh faoi chlár arna mhaoiniú ag an g**Coimisiúin Eorpach**. Aithníodh i dtaighde a rinneadh roimhe seo gurb iad na hearnálacha dian ar fhuinneamh na hearnálacha is mó a mbeidh tionchar ag beartas aeráide orthu. Ní mór an toradh sin a mhodhnú, mar sin féin, trí chumas na gcuideachtaí na costais a chur ar a gcustaiméirí. Ina fhianaise sin is lú tionchar a bheidh ag beartas aeráide ar an tionscal stroighne ná mar a ceapadh roimhe seo ach is mó tionchar a bheidh ag beartas aeráide ar an tionscal alúmanaim. Fuarthas amach i dtaighde nua gur fadhb dháiríre an t-athrú aeráide ach go m'fhéidir nach bhfuil sí chomh dona is a shíltear go minic í a bheith. Impleacht amháin a ghabhann leis seo is ea go bhféadfaí beartas Eorpach ar athrú aeráide a mhaolú.

## *An Comhshaol agus Acmhainní Nádúrtha*

Tá trí phríomhshraith sa chlár taighde seo:

(a) Taispeántar i dtaighde, arna mhaoiniú ag an n**Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**, gur infheistíocht a caitheadh go maith, tríd is tríd, an infheistíocht phoiblí a rinneadh i soláthar agus i gcaomhnú uisce ach gur bhain i bhfad níos mó éagsúlachta leis na torthaí a tháinig as an infheistíocht a rinneadh i gcóireáil fuíolluisce. Fuarthas amach go mbaintear úsáidí éagsúla as uisce teaghlaigh ag brath ar aois agus ar struchtúr an teaghlaigh agus go n-úsáidtear níos mó uisce ag brath ar an aicme shóisialta (ioncam, oideachas, slí bheatha). Léirítear sa taighde a rinneadh chomh maith go dtagann méadú mór ar athchúrsáil agus ar dhéanamh muirín má ghearrtar táille de réir meáchain ar dhramhaíl ach léirítear nach dtéann sé i gcion go suntasach ar dhumpáil neamhdhleathach.

(b) Tugtar le fios i dtaighde a rinneadh ar acmhainní nádúrtha gur mór an leas áineasa iad foraoisí na hÉireann. Meastar gur €50-60 milliún in aghaidh na bliana i gcomhair áitritheoirí Éireannacha amháin an luach is féidir a chur air sin.

(c) Tá An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, le tacaíocht ón maoiniú a fhaigheann sí ón n**Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil** ag cur lena ról ó thaobh réamhaisnéis mheántéarmach eacnamaíoch de i ndáil le hastuithe san aer agus san uisce agus i ndáil le húsáid acmhainní a thuar. Cuirtear in iúl sna réamhthorthaí gur mó i bhfad an breisluach earnálach ná an damáiste a dhéantar don chomhshaol. Bíonn fás níos treise faoi astuithe as gáis fhluairínithe agus as aonocsaíd charbóin, agus faoi dhramhaíl ghuaiseach thar mar a bhíonn faoin ngeilleagar ach bíonn fás níos moille faoi astuithe eile agus faoi úsáid acmhainní. Tá astuithe as gáis aigéadaithe ag titim fiú agus an geilleagar ag méadú.

## *Iompar agus Infreastruchtúr*

Sa bhliain 2007 díríodh taighde iompair agus infreastruchtúir ar an úsáid fuinnimh in iompar agus ar an tionchar a bhíonn aige ar an gcomhshaol, ábhair gur údar imní iad sa bheartas reatha. Rinne sraith amháin den taighde, arna mhaoiniú ag feadhnacht de **pháirtithe leasmhara tionscail** agus ag an **Roinn Fuinnimh**, anailís ar an éifeacht a bheadh ag cáin ar cheirisín ar thurasóireacht idirnáisiúnta. Léiríodh sa taighde seo go dtiocfadh ardú díréireach ar phraghas na n-eitiltí gearrchúrsa dá ngearrfaí cáin ar cheirisín ó

tharla gur ag éirí agus ag tuirlingt is mó a úsáidtear breosla agus d'fhéadfadh sé sin cur isteach go mór ar oileáin ar náisiúin iad atá in aice le hilchríocha (Éire, mar shampla) agus ar aerlínte lascaine (mar shampla Ryanair). Taispeántar sa taighde go bhféadfaí astuithe dé-ocsaíd charbóin ón eitlíocht a laghdú go suntasach ach go bhfuil na beartais atá i bhfeidhm faoi láthair dírithe go míthreorach ar iompraíocht phaisinéirí agus mar sin nach dtiocfaidh ach an laghdú is ísle ar astuithe (<1 faoin gcéad) d'ainneoin fóirdheontais mhóra (>€1 billiún) a bhíonn á bhfáil ag an tionscal.

Aithníodh sa dara sraith de thaighde a rinneadh ar úsáid fuinnimh in iompar lastais na hÉireann sciar díréireach na hearnála iompair agus foirgníochta in iompar lastais, agus aithníodh líon áirithe srianta a chuirfidh teorainn leis an bhféidearthacht a bheadh ann trácht lastais a dhíriú i dtreo bealaí eile iompair seachas iompar fartha ar bhóithre. Rinne taighdeoirí anailís ar luach agus ar thionchar infheistíochtaí san infreastruchtúr iompair cosúil le seachróid agus stáisiúin iarnróid mar chuid de thionscadal mór taighde arna mhaoiniú ag an n**Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil**. Ní hé amháin go léiríonn an obair seo go bhfuil teorainn ó thaobh spásúlachta leis an tionchar ach taispeánann sí chomh maith go dtagann athrú ar an tionchar ag céimeanna éagsúla den obair foirgníochta.

## 3. Suirbhéanna agus Sonraí as Taifid Riaracháin

Cuireadh tús sa bhliain 2007 le hobair shuirbhé ar mhórchlár taighde seacht mbliana lenar bhain staidéar fadama ar leanaí. Is iad An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i gcomhar lena chéile is mó atá freagrach as an gclár seo i dteannta taighdeoirí as ollscoileanna náisiúnta agus idirnáisiúnta eile agus as institiúidí taighde. Cuireadh tús leis an obair shuirbhé ar isteach agus amach le 8,000 leanbh 9 mbliana d'aois agus ar a muintir i lár na bliana 2007. Aithneofar na príomhghnéithe is cúis le nó a dhéanann dochar d'fholláine leanaí in Éirinn na 21ú haoise sa chlár taighde seo arb é an clár taighde is uaillmhianaí agus is casta dá leithéid é a rinneadh riamh in Éirinn. Beidh an clár ina chreat do bheartais éifeachtacha agus fhreagracha do leanaí agus dá muintir dá bharr. Is í **An Roinn Sláinte agus Leanaí** trí **Oifig an Aire Leanaí**, i gcomhar leis **An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh** agus leis an b**Príomh-Oifig Staidrimh** atá ag maoiniú an chláir.[2]

Ina theannta sin bhí baint ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta le líon áirithe de phríomhshuirbhéanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear SLÁN – suirbhé ar shláinte aosach, An Suirbhé Sóisialta Eorpach, An Suirbhé ar Shláinte, Scor agus Aosú san Eoraip (SHARE) chomh maith le suirbhéanna ar oideachas agus ar rannpháirtíocht spóirt a bhaineann go díreach le taighde na hInstitiúide. Chuaigh na suirbhéanna seo in iontaoibh shaineolas na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ó thaobh suirbhéanna a cheapadh de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta ab fhearr.

Is í an Institiúid atá freagrach as dhá mhórbhunachar shonraí a fhorbairt as taifid riaracháin agus tá tacaíocht mhaoinithe á fáil aici ó **Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**. Foilsíodh roinnt tuarascálacha sa bhliain 2007 ar Fhiosrúchán ar Othair Chónaitheacha in Ospidéil agus ar an gCóras Náisiúnta Faisnéise Imbhreithe agus tá siad le fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (www.esri.ie). Ina theannta sin bhí Tuairisceoir Sonraí an Fhiosrúcháin ar Othair Chónaitheacha in Ospidéil,

[2] Nuair a bheidh na sonraí le fáil as an suirbhé cuirfidh siad eolas ar fáil do líon áirithe de na cláir thaighde a liostaítear thuas, lena n-áirítear *Oideachas, Sláinte agus Cuimsiú Sóisialta.*

trína bhféadfar teacht go héasca ar shonraí an Fhiosrúcháin ar Othair Chónaitheacha in Ospidéil cumasaithe don ghréasán. Bhí taighde ar fhianaise a bhí mar bhonn ag an gcaighdeán náisiúnta a roghnófaí chun an meascán cásanna i gcóras ospidéil na hÉireann a thomhas agus ar athruithe ó thaobh an mheascáin d'othair ar cuireadh cóireáil orthu i gcóras ospidéil na hÉireann faoi chaibidil i dhá Pháipéar Oibre de chuid na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Bhí an Institiúid rannpháirteach i dtionscadal comhoibritheach le Fiontair na hEarnála Poiblí as Tuaisceart Éireann arna mhaoiniú ag **Saoráid Idirthréimhseach PHARE an AE** chun Caighdeáin Náisiúnta Chódaithe a fhorbairt i gCóras Grúpa ar Bhonn Fáthmheasa na Seice mar chuid dá sainchúram sa réimse seo.

**Frances Ruane**
Stiúrthóir

**Mary Finan**
Cathaoirleach

## AN FHOIREANN MAR A BHÍ 31 NOLLAIG 2007

*Stiúrthóir* Frances Ruane

*Cúntóir Pearsanta* Fiona Helly

*Anailís Eacnamaíoch*[1]

Alan Barrett
Adele Bergin
Thomas Conefrey
Seán Diffney
David Duffy
John Fitz Gerald (Bainisteoir Rannáin)
Jean Goggin
Stefanie Haller
Ide Kearney
Seán Lyons
Laura Malaguzzi Valeri
Karen Mayor
Edgar Morgenroth
Gavin Murphy
Martin O'Brien
Sue Scott
Iulia Siedschlag
Richard Tol

*An tAonad Suirbhé Taighde & Eolas ar Shláinte*

Aoife Brick
Sheelagh Bonham
Barbara Clyne
Lorna Collins
Gráinne Cosgrove
Jacqueline Curley
Philip Dunne
Terry Dymmott
Catherine Glennon
Marie Glynn
Patricia Holmes
Joe Hunter
Rachel Joyce
Brian McCarthy
Shane McDermott
Mark McKenna
Aisling Mulligan
Deirdre Murphy
Izabela Nowacka
Sinéad O'Hara
Jacqueline O'Reilly
Emma White
Miriam Wiley (Bainisteoir Rannáin)

*Taighde Sóisialta*[2]

Delma Byrne
Patricia Byrne
Tim Callan
Emma Calvert
Merike Darmody
Cliona Doherty
Mary Dowling
Corona Joyce
Claire Keane
Elish Kelly
Richard Layte
Pete Lunn
Selina McCoy
Bertrand Maître
Philip J. O'Connell (Bainisteoir Rannáin)
Emma Quinn
Helen Russell
Emer Smyth
John Walsh
Brendan J. Whelan
Christopher T. Whelan

*Taighde Fadama Leanaí*

Rhona Campbell
Claire Delaney
Brona Farrelly
Denise Frawley
Sarah Gubbins
Cathal McCrory
Aoife Murphy
Aisling Murray
Pauline Needham
Amanda Quail
Isabella Rigby
Elizabeth Ryan
Malgorzata Sierocka
Maeve Thornton
Eileen Vaughan
James Williams (Bainisteoir Rannáin)
Karen Zhang

[1] An Rannán Micreacnamaíochta mar a bhí.
[2] An Rannán Sóisialta agus Oideachais/ Rannán Mhargadh an tSaothair mar a bhí.

*An tAonad Suirbhé*

Sylvia Blackwell
Fiona Burke
Carly Cheevers
Martina Clarke
Ita Condron
Claire Corcoran
Jackie Gleeson
Pete Gourley
Hilary Heeney
Pat Kane
Eileen Kelleher
Ciarán Kelly
Siobhán Kenny
Catherine Needham
Fergal Russell
Julie Walsh
Dorothy Watson (Bainisteoir Rannáin)

*Seirbhísí Corparáideacha*

Seán Allen
Eleanor Bannerton
Bridget Byrne
Sarah Burns
Celine Calleya
Bernice Clancy
Mary Cleary
Liz Coyle
Gillian Davidson (Bainisteoir Rannáin)
Kevin Dillon
Helen Doyle
Brenda Forde
Tina Gao
Mary Heeney
Phyllis Hiney
Patricia Hopkins
Elaine Kearney
Thomas Kelleher
Francis McEvoy
Regina Moore
Natalie Murphy
Clare O'Neill
Charles O'Regan
June Ryan
Jackie Turner
Deirdre Whitaker
Marzena Woch

# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

## RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

**RAITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
31 NOLLAIG 2007**

## CLÁR NA nÁBHAR

*Leathanach*


| | |
|---|---|
| Comhaltaí Comhairle agus Eolas Eile | 17 |
| Tuarascáil na Comhairle | 18 |
| Ráiteas maidir leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais | 19 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 20-21 |
| Ráiteas Beartais Chuntasaíochta | 22 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 23 |
| Clár Comhardaithe | 24 |
| Ráiteas Sreafa Airgid | 25 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 26-33 |

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA
(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

## COMHALTAÍ COMHAIRLE AGUS EOLAS EILE

COMHALTAÍ NA COMHAIRLE Mar a bhí 31ú Nollaig 2007

| | |
|---|---|
| Brendan M. Walsh (Uachtarán) | Robert Erikson (An tSualainn) |
| Mary Finan (Cathaoirleach) | Patrick Honohan* |
| Frances Ruane (Stiúrthóir) | John Hurley |
| Davis Begg | Michael Kelly* |
| David Doyle | Pat O'Connor |
| Laurence Crowley* | Padraic A. White |

*Comhaltaí an Choiste Iniúchta

Tá triúr Comhalta neamhfheidhmiúcháin as an gComhairle ar Choiste Iniúchta na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

| | |
|---|---|
| INIÚCHÓIRÍ | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Bloc an Chisteáin<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| BAINCÉIRÍ | Banc na hÉireann<br>Sráid Bhagóid Íochtarach<br>Baile Átha Cliath 2 |
| ATURNAETHA | McCann Fitzgerald<br>2 Plás Mháistir an Chuain<br>Duga Theach an Chustaim<br>Baile Átha Cliath 1 |
| RÚNAÍ agus OIFIG CHLÁRAITHE | Gillian Davidson<br>Cearnóg Whitaker<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

## TUARASCÁIL NA COMHAIRLE

Cuireann Comhaltaí na Comhairle a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 i láthair.

**Príomhghníomhaíochtaí**

Déanann An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta taighde a cheaptar chun eolas a sholáthar a bheadh ábhartha chun réiteach a fháil ar shaincheisteanna móra eacnamaíocha agus sóisialta in Éirinn.

**Sláinte & Sábháilteacht**

Tá An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta tiomanta ceanglais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 a fhorfheidhmiú chun sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe go léir san institiúid agus na gcuairteoirí go léir chuig an Institiúid a chinntiú. Ullmhaíodh ráiteas sábháilteachta i scríbhinn agus táthar á fhorfheidhmiú de réir an Achta.

**Comhionannas**

Is fostóir comhdheiseanna í An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

**Iniúchóirí**

Faoi réim Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 is é nó í an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide.

## RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA COMHAIRLE

Ceanglaítear ar Chomhaltaí Comhairle ráitis airgeadais a ullmhú a thabharfaidh léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ceanglaítear ar na Comhaltaí Comhairle:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin ar bhonn seasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach mura bhfuil sé neamhchuí a thoimhdiú go leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú;
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta a léiriú agus a mhíniú.

Tá na Comhaltaí Comhairle freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choinneáil a chuirfidh i bhfios go réasúnta cruinn ag am ar bith cad é staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhfhreagraíonn na ráitis airgeadais le hAcht na gCuideachtaí 1963 go 2006. Is iad atá freagrach chomh maith as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosaint a thabhairt in aghaidh calaoise agus neamhrialtachtaí eile.

Tá baill phearsanra atá cáilithe go cuí fostaithe ag an gcuideachta agus tá córais chuí chuntasaíochta ríomhairithe á gcothabháil aici d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear leabhair agus taifid chuí chuntasaíochta de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990. Tá na leabhair chuntais in oifig chláraithe na cuideachta i gCearnóg Whitaker, Baile Átha Cliath 2.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Comhalta Comhairle | Frances Ruane | Dáta | 18 Iúil 2008 |
| Comhalta Comhairle | Laurence Crowley | Dáta | 18 Iúil 2008 |

## RÁITEAS MAIDIR LEIS AN GCÓRAS RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

**Freagrachtaí**

Admhaím, thar ceann Chomhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

**Príomhnósanna Imeachta Rialaithe**

Tá céimeanna glactha ag an gComhairle chun comhshaol cuí rialaithe a chinntiú

- trí shainmhíniú soiléir a thabhairt ar fhreagrachtaí bainistíochta;
- trí nósanna imeachta foirmiúla a cheapadh chun mainneachtana suntasacha ó thaobh rialaithe de a thuairisciú agus chun gníomh cuí ceartaitheach a chinntiú.

Bunaítear córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais ar chreat d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus ar chóras tarmligin agus freagrachta. Áirítear na nithe seo a leanas leis go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ina mbíonn buiséad bliantúil a ndéanann an Chomhairle athbhreithniú air agus a nglacann sí leis;
- athbhreithnithe rialta ón gComhairle ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtaispeántar feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéise;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe maidir le hinfheistíocht chaipitil a dtabharfaí sainmhíniú soiléir orthu;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh curtha chuig foinse amuigh ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, a fheidhmíonn de réir Chreat-Chód an Dea-chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Bíonn anailís a dhéantar ar an bhfiontar a mbíonn an comhlacht ar a ris mar bhonn ag obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís sin. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta agus faomhann an Chomhairle an anailís ar fhiontar agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid na Comhairle uair sa bhliain ar a laghad. Tugann an tIniúchóir Inmheánach a thuairim sa tuarascáil ar leordhóthanacht agus éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Bíonn obair an iniúchóra inmheánaigh, obair an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú agus tráchtaireachtaí a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe nó i dtuarascálacha eile mar bhonn ag an monatóireacht agus ag an athbhreithniú a dhéanann an Chomhairle ar éifeachtacht chóras an rialaithe inmheánaigh airgeadais.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2007 gur sheol an Chomhairle athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha airgeadais.

Sínithe thar ceann na Comhairle

Laurence Crowley

Cathaoirleach an Choiste Iniúchta

## TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Tá Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreafa Airgid, Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus na nótaí gaolmhara sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu.

**Freagrachtaí na gComhaltaí Comhairle agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste Faoi Seach**
Leagtar freagrachtaí na gComhaltaí Comhairle maidir le ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme agus de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Coitianta leis in Éirinn amach i dTuarascáil na Comhairle. Bíonn na Comhaltaí Comhairle freagrach chomh maith as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Tá sé mar fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir ceanglais iomchuí dlí agus reachtaíochta agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Go Coitianta leis in Éirinn agus go bhfuil siad ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tuairiscím chomh maith ar cibé, i mo thuairim, ar choinnigh an Chuideachta leabhair chuí chuntais; agus cibé an dtagann an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Comhairle leis na ráitis airgeadais. Ina theannta sin, sonraím cibé an bhfuil an t-eolas go léir agus na mínithe go léir is gá chun críocha m'iniúchta faighte agam agus cibé an gcomhaontaíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím cás ábhartha ar bith nár baineadh feidhm as airgead maidir leis na críocha a beartaíodh dó nó más rud é nach dtagann na hidirbhearta leis na húdaráis arna rialú.
Déanaim athbhreithniú ar cibé an léir as an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais an gcomhlíonann an Chuideachta an Cód Cleachtais ar Rialú Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím cás ábhartha ar bith nach ndéantar amhlaidh, nó i gcás gur ráiteas míthreorach a bheadh ann nó nach mbeadh sé ag teacht le heolas eile a bhfuil mé ar an airdeall faoi as m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaítear na fiontair agus na rialuithe airgeadais go léir sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta ar fhiontar agus rialú.

Léim eolas eile as an Tuarascáil Bhliantúil agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním, i gcás go mbeinn san airdeall faoi mhíráitis dhealraitheacha nó faoi neamh-chomhsheasmhachtaí ábhartha ar bith maidir leis na ráitis airgeadais, na himpleachtaí a bheadh ag an gcéanna ar mo thuarascáil.

**Bunús Tuairim an Iniúchta**
I bhfeidhmiú m'fheidhmeanna mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, sheol mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus faoi threoir léirbhreithniú speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Bíonn scrúdú, ar bhun trialach, d'fhianaise ábhartha do na méideanna agus don nochtadh agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais a áiríodh sna ráitis airgeadais san áireamh le hiniúchadh. Bíonn measúnú ar na meastacháin agus ar na breithiúnais shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais agus measúnú ar cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na Cuideachta, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus an ndéantar iad a nochtadh go cuí san áireamh chomh maith. Phleanáil agus léirigh mé m'iniúchadh chun gach faisnéis agus gach míniú a mheas mé a bheith riachtanach a fháil d'fhonn go soláthrófaí dóthain fianaise shuntasach dom chun a dhearbhú le réasún go bhfuil na ráitis airgeadais slán ó mhíráiteas ábhartha, cibé ar tharla siad de bharr calaoise nó aon neamhrialtachtaí nó earráid eile. Agus mé ag teacht ar mo thuairim mheas mé chomh maith leordhóthanacht fhoriomlán láithriú an eolais sna ráitis airgeadais.

**Tuairim**
I mo thuairim, maidir leis na ráitis airgeadais:

- tugtar léargas fíorcheart iontu, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Go Coitianta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na Cuideachta mar a bhí 31 Nollaig 2007 agus ar a barrachas don bhliain sin dar críoch; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006.

Fuair mé gach faisnéis agus gach míniú a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. I mo thuairim choinnigh an Chuideachta leabhair chearta chuntais. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

I mo thuairim tá an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Comhairle comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.

**Gerard Smyth**
**Do agus ar son**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**25 Iúil 2008**

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

## RÁITEAS BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Ba iad seo a leanas na príomhbheartais chuntasaíochta a ghlac an chuideachta agus na méideanna a áirítear sa chlár comhardaithe á gcinneadh aici agus na torthaí don bhliain á gcinneadh aici:

1. **Bunús Cuntasaíochta**
   Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar go coitianta leis.

2. **Ioncam**
   Léirítear na méideanna is infhaighte ón Roinn Airgeadais maidir leis an mbliain sa Deontas i gCabhair a thaispeántar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

   Is ionann an tIoncam as an Taighde arna Choimisiúnú agus luach na hoibre a cuireadh i gcrích ar thionscadail aonair le linn na bliana. I gcás go sáródh luach na hoibre a cuireadh i gcrích ar thionscadal na méideanna a fuarthas áirítear an difríocht sa chlár comhardaithe faoi fhéichiúnaithe mar Ioncam as tionscadail. I gcás gur lú luach na hoibre a cuireadh i gcrích ná na méideanna a fuarthas áirítear an difríocht sa chlár comhardaithe faoi chreidiúnaithe mar ioncam iarchurtha.

3. **Sócmhainní Seasta**
   Taispeántar sócmhainní seasta inláimhsithe ar an mbunchostas lúide dímheas carntha. Gearrtar an dímheas sa chuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim de réir na rátaí bliantúla arna leagan amach thíos ionas go bhféadfaí na sócmhainní a ndéantar iad a choigeartú i gcomhair iarmharluach mheasta a dhíscríobh thar shaol ionchais úsáideach gach catagóra chuí.

   | | |
   |---|---|
   | Trealamh Ríomhaireachta | 33.3% |
   | Trealamh, daingneáin agus feistis eile | 20% |
   | Foirgneamh | 2% |

   Déantar foráil do dhímheas lánbhliana i mbliain an fhaighte.

4. **Sócmhainní ar Léas**
   Gearrtar cíosanna maidir le léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

5. **Sochair Scoir**
   Ghlac An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta le forálacha iomlána na Sochar Scoir FRS17 sa bhliain 2005. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsean de réir luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsean ar bhonn fabhruithe agus baintear úsáid as an modh aonaid teilgthe. Léirítear barrachas de dhliteanais scéime thar shócmhainní scéime mar dhliteanas ar an gclár comhardaithe.

   Áirítear costas seirbhíse reatha agus costas seirbhíse a tugadh móide an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní scéime agus costas úis na ndliteanas scéime ar an táille pinsean sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a thagann as táillí ar thoimhdí achtúireacha agus as na barrachais agus easnaimh thaithí sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta don bhliain inar tabhaíodh iad. I mblianta roimhe seo áirítear an costas arna ríomh ag an achtúire, arna choigeartú ag an éifeacht a bheadh ag athrúcháin ar bith a leithroinnfí ar chostas rialta thar an tréimhse ionchais seirbhíse atá fágtha ag fostaithe sa scéim, leis an táille sochair phinsean sainmhínithe ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Tharla athrúcháin den sórt ar chostas rialta de bharr táillí sna toimhdí achtúireacha agus de bharr barrachais agus easnaimh thaithí.

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007**

| | *Nótaí* | *2007* | *2006* |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| IONCAM | | | |
| Deontas i gCabhair | | 3,300,000 | 3,180,000 |
| Ioncam Taighde | 1 | 12,679,081 | 7,524,732 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 2 | 325,904 | 1,471,415 |
| Ioncam Iomlán | | 16,304,985 | 12,176,147 |
| CAITEACHAS | | | |
| Tuarastail agus Pinsin: | 3 | 8,237,604 | 7,335,132 |
| Speansais Dhíreacha | 4 | 5,119,473 | 1,955,327 |
| Tionscadail | 5 | 1,539,641 | 1,146,008 |
| Bunú | 6 | 968,162 | 848,724 |
| Riarachán | 7 | 200,725 | |
| Costais Iomarcaíochta | | 16,065,605 | 11,285,191 |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | | 239,380 | 890,956 |

**GLUAISEACHT I GCISTE CARNTHA**

| | | |
|---|---|---|
| Ciste Carntha mar a bhí 1 Eanáir 2007 | 2,143,816 | 1,252,860 |
| Barrachas don Bhliain | 239,380 | 890,956 |
| Ciste Carntha mar a bhí 31 Nollaig 2007 | 2,383,196 | 2,143,816 |

**RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | | 239,380 | 890,956 |
| Pinsean | 17 | | |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | | (2,117,000) | 1,121,000 |
| Caillteanais taithí ar dhliteanais na scéime pinsin | | (1,275,000) | (460,000) |
| Athruithe sna toimhdí a bhíonn mar bhonn ag luach reatha dhliteanais na scéime pinsin | | 2,278,000 | (889,000) |
| Iomlán na nGnóthachan\(Caillteanas) Achtúireach | | (1,114,000) | (228,000) |
| Iomlán na nGnóthachan\(Caillteanas) Aitheanta don bhliain | | ( 874,620) | 662,956 |
| Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas aitheanta ón tuarascáil deiridh | | (874,620) | 662,956 |

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus na nótaí ó 1 go 20 atá leis seo agus is cóir iad a léamh in éineacht as seo amach.

Comhalta Comhairle: Frances Ruane Dáta: 18 Iúil 2008

Comhalta Comhairle: Laurence Crowley Dáta: 18 Iúil 2008

AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

## CLÁR COMHARDAITHE MAR ATÁ 31 NOLLAIG 2007

| | *Nótaí* | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2007 € | Bliain dar críoch 31 Nollaig 2006 € |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 8 | 15,535,204 | 15,637,412 |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Stoc stáiseanóireachta | | 500 | 500 |
| Stoc ábhar priontáilte | | 1,000 | 1,000 |
| Féichiúnaithe agus obair ar siúl | 9 | 3,134,425 | 3,487,804 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 10 | 1,427,261 | 1,631,484 |
| | | 4,563,186 | 5,120,788 |
| DLITEANAIS REATHA | | | |
| Ilchreidiúnaithe agus speansais fhabhraithe | 11 | 4,423,194 | 4,537,384 |
| Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais) | | 139,992 | 583,404 |
| Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha | | 15,675,196 | 16,220,816 |
| Iasachtaí Fadtéarmacha | 12 | 15,300,000 | 15,300,000 |
| Dliteanas Fadtéarmach Pinsin | 16 | 9,625,000 | 9,296,000 |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | | (9,249,804) | (8,375,184) |
| CÚLCHISTÍ | | | |
| Ciste Carntha | | 2,383,196 | 2,143,816 |
| Cúlchiste Aoisliúntais / (Soláthar) | 17 | (11,633,000) | (10,519,000) |
| | | (9,249,804) | (8,375,184) |

Cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo is ea an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus na nótaí ó 1 go 20 atá leis seo agus is cóir iad a léamh in éineacht as seo amach.

Comhalta Comhairle: Frances Ruane Dáta: 18 Iúil 2008

Comhalta Comhairle: Laurence Crowley Dáta: 18 Iúil 2008

# RÁITEAS SREAFA AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

Réiteach an bharrachais oibriúcháin/(easnamh) leis an nglan-insreabhadh airgid/ (eis-sreabhadh) ó na Gníomhaíochtaí Oibriúcháin

| | *2007* | *2006* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas/(Easnamh) ioncaim thar chaiteachas | 239,380 | 890,956 |
| Coigeartú d'ábhair choigeartaithe pinsin FRS17 | | |
| Costas Pinsin | 577,000 | 682,000 |
| Ranníocaíocht íoctha | (1,362,000) | (1,265,000) |
| | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní | | 17,765 |
| Ús ar Iasacht | 704,025 | 51,794 |
| Ús bainc infhála | (2,312 ) | (447) |
| Ús bainc iníoctha | 7,146 | 3,941 |
| Táillí dímheasa | 624,273 | 512,647 |
| Laghdú / (Méadú) ar an stoc | | |
| Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe | 353,379 | (1,426,004) |
| Laghdú/(Méadú) ar chreidiúnaithe | (114,190) | 1,886,906 |
| Glan-Insreabhadh Airgid | 1,026,701 | 1,354,558 |

## RÁITEAS SREAFA AIRGID

| | | 2007 | | 2006 |
|---|---|---|---|---|
| Glan-Insreabhadh Airgid/(Eis-Sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 1,026,701 | | 1,354,558 |
| | | | | |
| Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh a dhéanamh ar Airgeadas | | | | |
| Ús faighte | 2,312 | | 447 | |
| Ús íoctha | (7,146) | | (3,941) | |
| Ús ar iasacht íoctha | (704,025) | (708,859) | (51,794) | (55,288) |
| | | | | |
| Diúscairt sócmhainní | | | | |
| Caiteachas Caipitil | | (522,065) | | (15,930,931) |
| | | (204,223) | | (14,631,661) |
| Maoiniú: | | | | |
| Fáltais Iasachta | | - | | 15,300,000 |
| (Laghdú)/Méadú ar Airgead | | (204,223) | | 668,339 |
| | | | | |
| Réiteach an ghlan-sreafa airgid le gluaiseachtaí i nglan-chistí | | | | |
| (Laghdú)/méadú ar airgead sa bhliain | | (204,223) | | 668,339 |
| Glan(fhiach)/cistí | | (13,668,516) | | 963,145 |
| Glanfhiach Fadtéarmach nua | | | | (15,300,000) |
| Glan(fhiach)/cistí mar a bhí 31 Nollaig 2007 | | (13,872,739) | | (13,668,516) |

## Anailís ar athrú i nglan(fhiach)/cistí

| | | |
|---|---|---|
| Ag tús na bliana | (13,668,516) | 963,145 |
| Sreafaí Airgid | (204,223) | 668,339 |
| Glanfhiach Fadtéarmach | | (15,300,000) |
| Ag deireadh na bliana | (13,872,739) | (13,668,516) |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NÓTAÍ ATÁ INA GCUID DE NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2007

### 1. Ioncam Taighde

| | *2007* | *2006* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taighde arna choimisiúnú | 11,668,081 | 6,940,732 |
| Deontais Taighde | 1,011,000 | 584,000 |
| | 12,679,081 | 7,524,732 |

### 2. Ioncam Ilghnéitheach

| | *2007* | *2006* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Síntiúis Chomhaltaí | 123,232 | 133,706 |
| Díolachán foilseachán | 48,341 | 49,954 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 20,055 | 35,520 |
| Ioncam Cíosa | 134,276 | - |
| Ús ar dhíolachán léasa | - | 1,270,000 |
| Brabús/(caillteanas) ar Dhiúscairt Sócmhainní | - | (17,765) |
| | 325,904 | 1,471,415 |

### 3. Pá agus Tuarastal na Foirne

3.1 127 (2006:103) an líon daoine a bhí fostaithe (macasamhail lánaimseartha) sa bhliain airgeadais. Áirítear 88 (2006:85) ball foirne buan (macasamhail lánaimseartha) leis an iomlán.

3.2 Tabhaíodh costais tuarastail agus phinsin mar seo a leanas:

| | *2007* | *2006* |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taighde | 2,972,996 | 2,802,618 |
| Suirbhé agus Cohórt Leanaí | 1,250,407 | 768,265 |
| Foireann chléireachais agus foireann eile | 1,016,112 | 903,320 |
| Fiosrúchán ar Othair Chónaitheacha in Ospidéil (HIPE)/ | 1,322,658 | 1,203,225 |
| Córas Tuairiscithe Imbhreithe | 294,744 | 281,887 |
| Riarachán | 670,732 | 580,505 |
| ÁSPC an Fhostóra | 577,000 | 682,000 |
| Costais Phinsin (Nóta 17) | 132,955 | 113,312 |
| Táillí Eile agus Costais Bhuana Árachais Sláinte | 8,237,604 | 7,335,132 |

3.3 Áirítear leis an táille ar thuarastail costais €13,019 (2006:€12,290) a tabhaíodh i ndáil leis an *Athbhreithniú Eacnamaíoch agus Sóisialta* a chur i dtoll a chéile. (Léigh Nóta 15).

## 4. Speansais Dhíreacha Tionscadail

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sainchomhairleoirí agus Comhpháirtithe Líonra | 1,333,485 | 1,216,776 |
| Táillí na Foirne Allamuigh agus Speansais | 2,913,404 | 446,337 |
| Chódaithe | 680,270 | 111,465 |
| Costais Dhíreacha Eile | 192,314 | 180,749 |
| Taisteal | 5,119,473 | 1,955,327 |

## 5. Costais Bhunaíochta

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos & Rátaí | 11,182 | 352,387 |
| Costais Úis | 704,025 | 51,794 |
| Teas, solas, cothabháil agus glantachán | 200,161 | 132,025 |
| Costais athlonnaithe | - | 97,155 |
| Dímheas | 624,273 | 512,647 |
| | 1,539,641 | 1,146,008 |

## 6. Riarachán

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Clódóireacht agus Páipéarachas | 190,929 | 154,083 |
| Postas, árachas, teileafón agus speansais ghinearálta | 367,105 | 328,860 |
| Costais Ríomhaireachta | 209,025 | 175,235 |
| Taisteal | 15,232 | 28,641 |
| Leabhair leabharlainne agus síntiúis | 96,188 | 74,541 |
| Táillí Gairmiúla | 75,783 | 74,364 |
| Táillí Iniúchta | 13,900 | 13,000 |
| | 968,162 | 848,724 |

## 7. Costais Iomarcaíochta

D’aontaigh an Chomhairle sa bhliain 2007 le plean athstruchtúraithe lena mbaineann líon áirithe d’iomarcaíochtaí deonacha. Aithníodh glanchostais na n-iomarcaíochtaí seo sa bhliain 2007 cé nach n-íocfar iad go dtí an bhliain 2008.

**8. Sócmhainní Inláimhsithe**

| | *Trealamh Ríomhaireachta* € | *Trealamh, daingneáin agus feistis* € | *Foirgneamh* € | *Iomlán* € |
|---|---|---|---|---|
| Costas: | | | | |
| Ag tús na bliana | 481,002 | 366,744 | 15,483,993 | 16,331,739 |
| Suimiúcháin | 203,237 | 257,664 | 61,164 | 522,065 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Ag deireadh na bliana | 684,239 | 624,408 | 15,545,157 | 16,853,804 |
| Dímheas Carntha: | | | | |
| Ag tús na bliana | 260,728 | 123,919 | 309,680 | 694,327 |
| Soláthraithe sa bhliain | 183,253 | 128,894 | 312,126 | 624,273 |
| Diúscairtí | - | - | - | - |
| Ag deireadh na bliana | 443,981 | 252,813 | 621,806 | 1,318,600 |
| Glanluach de réir na leabhar ag deireadh na bliana | 240,258 | 371,595 | 14,923,351 | 15,535,204 |
| Glanluach de réir na leabhar ag tús na bliana | 220,274 | 242,825 | 15,174,313 | 15,637,412 |

**9. Féichiúnaithe agus Obair ar Siúl**

| | *2007* € | *2006* € |
|---|---|---|
| Ioncam as tionscadail | 957,574 | 1,319,611 |
| Obair ar Siúl | 1,905,505 | 1,193,644 |
| Cáin Bhreisluacha | - | 609,841 |
| Féichiúnaithe eile agus speansais réamhíoctha | 271,346 | 364,708 |
| | 3,134,425 | 3,487,804 |

**10. Banc agus Airgead Tirim**

| | *2007* € | *2006* € |
|---|---|---|
| Cuntais Reatha | 1,425,411 | 1,631,165 |
| Airgead Tirim | 1,773 | 241 |
| Cuntas Taisce | 77 | 78 |
| | 1,427,261 | 1,631,484 |

**11. Creidiúnaithe agus Speansais Fhabhraithe**

| | *2007* € | *2006* € |
|---|---|---|
| Cáin phárolla | 280,325 | 213,883 |
| Cáin Bhreisluacha | 648,920 | - |
| Ioncam Iarchurtha | 1,235,835 | 1,259,901 |
| Creidiúnaithe - Trádáil | 243,616 | 761,442 |
| Creidiúnaithe eile agus speansais fhabhraithe | 2,014,498 | 2,302,158 |
| | 4,423,194 | 4,537,384 |

**12. Iasachtaí Fadtéarmacha**

| | *2007* | *2006* |
|---|---|---|
| | € | € |
| An tIontaobhas Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 1,800,000 | 1,800,000 |
| Morgáiste ó Permanent tsb | 13,500,000 | 13,500,000 |
| | 15,300,000 | 15,300,000 |

Is ag Permanent tsb atá an chéad mhuirear dlíthiúil ar an maoin ar Chearnóg Whitaker, Cé Sir John Rogerson.

**13. Cánachas**

Díolmhaítear an chuideachta ó dhliteanas i leith cáin chorparáideach faoi Alt 227 Sceideal 4 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997.

**14. Ceangaltais – Caipiteal agus Eile**

Bhí caipitil ab ionann agus €14,857 ar chonrú ag an Institiúid ag dáta an chláir chomhardaithe.

**15. Cuideachta Ghaolmhar**

Bhí na hidirghabhálacha coibhneasa seo a leanas i bhfeidhm mar a bhí 31 Nollaig 2007.

(a) An tIontaobhas Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta:
Bhunaigh An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (a ainmníonn comhaltas an Iontaobhais) an tIontaobhas sa bhliain 1992 mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta chun cuidiú leis An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta trí mhaoiniú a chur ar fáil chun taighde a chur chun cinn. Dheonaigh an tIontaobhas iasacht €1,800,000 don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa bhliain 2006. Ba €1,871,747 (2006: €1,871,475) glansócmhainní na cuideachta mar a bhí 31 Nollaig 2007.

(b) Staidéir Eacnamaíocha agus Shóisialta:
Cuideachta chomhlachaithe í seo a bunaíodh sa bhliain 1969 agus a thionscain An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun oideachas mhuintir na hÉireann san heolaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha go háirithe maidir le cúinsí eacnamaíocha agus sóisialta in Éirinn nó a dhéanann difear d'Éirinn a chothú agus a chur chun cinn.

**16. Dliteanais Theagmhasacha**

Ní raibh na Comhaltaí Comhairle ar an eolas faoi dhliteanais ábhartha theagmhasacha ar bith ag dáta an chláir chomhardaithe.

# AN INSTITIÚID TAIGHDE EACNAMAÍOCHTA AGUS SÓISIALTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta agus gan Scairchaipiteal)

## 17. Pinsin

Tugann An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sochair phinsean faoi dhá scéim phinsean:

- Maoirseoirí, Foireann Chléireachais agus Foireann Eile
- Scéim na Foirne Taighde

Scéimeanna sochair atá sainmhínithe iad an dá scéim. Maoinítear na sochair trí ranníocaíochtaí ón bhfostóir agus maoinítear iad chomh maith trí ranníocaíochtaí ó fhostaithe. Aistrítear na ranníocaíochtaí chuig ciste bainistithe arna riar ag iontaobhaithe arna gceapadh ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Tá arduithe i bpinsin faoi Scéim na Foirne Taighde de réir athruithe i rátaí tuarastail san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Faoi rialacha na Scéime Taighde ní mheastar an Scéim a bheith dlite d'arduithe i bpinsin a bhíonn á n-íoc. Tháinig arduithe den sórt go dtí seo as ioncam na hInstitiúide. Ón 1 Lúnasa 1993, áfach, rinneadh roinnt de na harduithe i bpinsin a mhaoiniú roimh ré do chomhaltaí gníomhacha sa ráta ranníocaíochta a d'íoc an Institiúid. Ón 1chd Eanáir 2002 tá arduithe i bpinsin á maoiniú go hiomlán ag an Institiúid. Is í An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta seachas an scéim a íocann an t-ardú iarscoir i gcomhair líon beag pinsinéirí a chuaigh ar scor roimh an mbliain 1993 agus íocann sí costais luathscoir chomhalta amháin den scéim.

### Luacháil Achtúireach

Ar an 1chd Lúnasa 2005 a rinneadh na luachálacha achtúireacha ba dhéanaí ar an scéim agus úsáideadh an t-aoismhodh slánaithe maoinithe. Is iad na toimhdí ag a mbíonn an éifeacht is suntasaí ar thorthaí na luachála na toimhdí sin a bhaineann leis an ráta toraidh ar infheistíochtaí agus leis an ráta ar an ardú i dtuarastail agus i bpinsin. Measadh gur 6% in aghaidh na bliana na torthaí a bheadh ar infheistíocht. Measadh gur 3.5% in aghaidh na bliana na harduithe dáiríre a bheadh ar thuarastal agus measadh go dtiocfadh ardú ar phinsin sa todhchaí ag ráta 2.75% go 3% in aghaidh na bliana.

Ba €15,571,000 luachanna iomlána an mhargaidh a bhí ar shócmhainní na scéimeanna ag an dáta sin. B'ionann an luach achtúireach agus 70% (1chd Lúnasa 2002 58%) de na sochair a tabhaíodh do bhaill ag dáta na luachála.

Áirítear na harduithe a tháinig ar chostas na bpinsean scoir i ndiaidh na bliana 1993 sa luacháil achtúireach. D'íoctaí na harduithe roimh an mbliain sin as ioncam reatha na hInstitiúide seachas as an scéim pinsean. Áirítear chomh maith an costas ar shochair bhreise a tugadh isteach ón uair a ndearnadh luacháil na bliana 1999 agus atá á maoiniú ag An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta i ranníocaíochtaí a dhéanfar sa todhchaí sa scéim.

Glacadh bearta chun an cóimheas idir shócmhainní agus dliteanais a fheabhsú. Ón 1chd Lúnasa 2005 i leith d'ardaigh an Institiúid an ráta ranníocaíochta arna mholadh ag an Achtúire. Féachann an ráta arna mholadh ag an Achtúire le heasnamh na scéime a scaipeadh ar an tréimhse seirbhíse atá fágtha ag na fostaithe atá ann faoi láthair. Tugtar na costais bhreise a luaitear thuas san áireamh sa ráta reatha ranníocaíochta atá á íoc ag an Institiúid agus tá sé mar aidhm leis na sochair iarscoir go léir a réamh-mhaoiniú as an scéim pinsean agus meastar gur leor é go dtí an chéad luacháil eile atá le bheith ann ar an 1chd Lúnasa 2008.

### Luacháil FRS17

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcomhair nochtadh FRS17 ar luacháil iomlán achtúireach dar dáta an 1chd Lúnasa 2005 agus a thug achtúire cáilithe cothrom le dáta ar an 31ú Nollaig 2007 ionas go dtabharfaí ceanglais FRS17 san áireamh chun dliteanais na scéime a mheas mar a bhí an 31ú Nollaig 2007. Luaitear sócmhainní scéime de réir a luacha ar an margadh mar a bhí an 31ú Nollaig 2007.

Glactar na sochair scoir go léir san áireamh sa luacháil FRS17 agus áirítear leis na dliteanais phinsean i gcomhair pinsinéirí a chuaigh ar scor roimh 1993 agus nach gclúdaítear na harduithe a dhéantar ar a bpinsin sa scéim pinsean.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun sócmhainní agus dliteanais scéime a ríomh faoi FRS17

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 5.50% | 4.50% |
| Toimhdí maidir le hArdú Tuarastail | 3.75% | 3.50% |
| Boilsciú | 2.50% | 2.25% |
| | | |
| Arduithe ar Phinsin | | |
| An Scéim Chléireachais | 2.50% | 2.25% |
| Scéim na Foirne Taighde | 2.75% | 2.75% |
| | | |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní | | |
| Cothromais | 7.70% | 7.50% |
| Bannaí | 4.30% | 3.90% |
| Maoin | 6.00% | 6.00% |
| Sócmhainní faoi Árachas | | |
| Eile | 3.00% | 2.25% |

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Luach mar a bhí 31ú Nollaig 2006 | € | € |
| Cothromais | 15,690,000 | 15,942,000 |
| Bannaí | 2,218,000 | 2,204,000 |
| Maoin | 1,554,000 | 1,339,000 |
| Sócmhainní faoi Árachas | | |
| Eile | 1,264,000 | 1,112,000 |
| Luach iomlán Margaidh na Sócmhainní | 20,726,000 | 20,597,000 |
| | | |
| Luach Reatha na nDliteanas i gcomhair Seirbhíse atá tugtha | (30,351,000) | (29,893,000) |
| | | |
| Easnamh sa Scéim | (9,625,000) | (9,296,000) |

Is mar seo a leanas an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas Seirbhíse Reatha | 540,000 | 572,000 |
| Costas árachais báis - sa tseirbhís | 54,000 | 57,000 |
| Iarchostas Seirbhíse | - | - |
| Ús ar dhliteanais scéime | 1,398,000 | 1,225,000 |
| Toradh ionchais ar shócmhainní scéime | (1,415,000) | (1,172,000) |
| Glantáille don Bhliain | 577,000 | 682,000 |

Is mar seo a leanas an tsuim atá aitheanta sa ráiteas ar iomlán na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta (STRGL):

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime | (2,117,000) | 1,121,000 |
| Caillteanais taithí | (1,275,000) | (460,000) |
| Athruithe i dtoimhdí | 2,278,000 | ( 889,000) |
| Caillteanas achtúireach a d'aithneofaí sa STRGL | (1,114,000) | (228,000) |

Is í seo a leanas an anailís a rinneadh ar an ngluaiseacht san easnamh le linn na bliana:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas/(easnamh) ag tús na bliana | (9,296,000) | (9,651,000) |
| Costas seirbhíse reatha | (594,000) | (629,000) |
| Ranníocaíochtaí | 1,362,000 | 1,265,000 |
| Iarchostas seirbhíse | - | - |
| Socraíochtaí agus Ciorrúcháin | - | - |
| Ioncam airgeadais eile | 17,000 | (53,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (1,114,000) | (228,000) |
| Barrachas/(easnamh) ag deireadh na bliana | (9,625,000) | (9,296,000) |

Ríomhtar an Cúlchiste Pinsean ar bhonn an easnaimh mar a bhí 1[chd] Eanáir 2004 agus ar ghnóthachain agus ar chaillteanais achtúireacha ón dáta sin i leith

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas/(easnamh) ag tús na bliana | (10,519,000) | (10,291,000) |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach | (1,114,000) | (228,000) |
| Barrachas/(easnamh) ag deireadh na bliana | (11,633,000) | (10,519,000) |

| Stair na ngnóthachan agus na gcaillteanas taithí | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An difríocht idir an toradh ionchais agus iarbhír ar shócmhainní scéime | (2,117) | 1,121 | 2,137 | 369 |
| % de Shócmhainní Plean | 10.2% | 5.4% | 12.2% | 2.7% |
| Gnóthachain agus Caillteanais taithí | (1,275) | (460) | 298 | 559 |
| % de luach reatha na nDliteanas Plean | (4.2%) | 1.5% | 1.1% | (2.5%) |
| Suim iomlán atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta | (1,114) | (228) | (1,530) | (1,220) |
| % de luach reatha na nDliteanas Plean | (3.7%) | (0.8%) | (5.6%) | (5.4%) |
| Sócmhainní | 20,726 | 20,597 | 17,471 | 13,769 |
| Dliteanais | 30,351 | 29,893 | 27,122 | 22,174 |
| Easnamh Scéime | 9,625 | 9,296 | 9,651 | 8,405 |

Is é seo a leanas an tionchar a bhí ar FRS a chur i bhfeidhm ar an Ioncam agus Caiteachas;

| | *2007* | | | *2006* | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Réamh-FRS 17* | *FRS 17 Tionchar* | *Iomlán* | *Réamh-FRS 17* | *FRS 17 Tionchar* | *Iomlán* |
| | € | € | € | € | € | € |
| IONCAM | | | | | | |
| Deontas i gCabhair | 3,300,000 | | 3,300,000 | 3,180,000 | | 3,180,000 |
| Ioncam Taighde | 12,679,081 | | 12,679,081 | 7,524,732 | | 7,524,732 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 325,904 | | 325,904 | 1,471,415 | | 1,471,415 |
| Ioncam Iomlán | 16,304,985 | | 16,304,985 | 12,176,147 | | 12,176,147 |
| CAITEACHAS | | | | | | |
| Tuarastail agus Pinsin | 9,022,604 | (785,000) | 8,237,604 | 7,918,132 | (583,000) | 7,335,132 |
| Speansais Dhíreacha | 5,119,473 | | 5,119,473 | 1,955,327 | | 1,955,327 |
| Tionscadail | 1,539,641 | | 1,539,641 | 1,146,008 | | 1,146,008 |
| Bunú | 968,162 | | 968,162 | 848,724 | | 848,724 |
| Riarachán | 200,725 | | 200,725 | | | |
| Costais Iomarcaíochta | 16,850,605 | (785,000) | 16,065,605 | 11,868,191 | (583,000) | 11,285,191 |
| Barrachas/(Easnamh) Ioncaim thar chaiteachas | (545,620) | 785,000 | 239,380 | 307,956 | 583,000 | 890,956 |

**18. Leasanna Chomhaltaí an Bhoird**

Ghlac an Chomhairle nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i ndáil le leasanna á nochtadh ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh idirbhearta ar bith sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí na Comhairle inar raibh leas ar bith ag na Comhaltaí Comhairle.

**19. Gnóthas Leantach**

Creideann an Chomhairle, d'ainneoin an easnaimh sna cúlchistí a nochtar sna ráitis airgeadais mar thoradh ar FRS17 a ghlacadh, go mbeidh na hacmhainní aici chun leanúint le maoiniú na scéime pinsean ag an ráta arna mholadh ag an achtúire a ceapadh chun an t-easnamh sa scéim a scaipeadh ar an tréimhse seirbhíse atá fágtha ag na fostaithe atá ann faoi láthair. Sna himthosca sin creideann an Chomhairle gur cuí fós é na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach.

**20. Na Ráitis Airgeadais á bhFaomhadh**

D'fhaomh an Chomhairle na Ráitis Airgeadais ar an 20ú Bealtaine 2008.